

'Feast Of Bones' – Dearcadh Scríbhneora Le Frances Kay

D'éascair síol an smaoinimh don dráma seo, mar is cuí, as comhrá idir mé féin agus Louis Lovett. Bhí leagan Astrálach den scéal do leanaí ar a dtugtar 'Chicken Licken' i dtíortha ina labhraítear an Béarla aimsithe aige agus bhí sé ag smaoineamh conas a d'fhéadfaí téama cogaidh a chur leis.

Tá The Story of Henny Penny i leabhar Walter de la Mare, 'Animal Stories', a foilsíodh in 1939, mar chuid de chnuasach aisteach de dhánta, amhráin agus scéalta traidisiúnta atá coscrach agus cruálach in amanna. Mar a deir De la Mare ina réamhrá 'Níl an leabhar seo oiriúnach do leanaí an-óg.' Bhí mé eolach cheana féin ar fhilíocht De la Mare do leanaí - b'fhéidir gurb é an dán is cáiliúla dá chuid, a phléitear agus a fhoghlaimítear de ghlanmheabhair ar scoil, ná 'The Listeners' dar tús "Is there anybody there?" said the traveller" ach chuaigh a rogha ábhair i bhfeidhm orm, an dánacht a bhaineann leis.

Chuaigh an leabhar seo i bhfeidhm go mór ar Louis, agus de a réir a chéile bhí na sceitimíní céanna ormsa nuair a chonaic mé i réamhrá iontach De la Mare cé chomh maith agus a thuigeann sé léitheoirí óga.

"Tá daoine ann a cheapann go bhfuil scéalta brónacha, agus aon scéal a bhfuil cúis imní ar bith ann, go dona don óige, agus a shéanfadh na síscéalta ar fad orthu fiú. Áitíonn siad nach ndéanann síscéalta, a bhí ar cheann de na rudaí ab aoibhne faoi m'óige, ach muid a chur ar strae faoin bhfiordhomhan, agus nár cheart muid a chur ar strae. Ní féidir liom a chreidiúint gurb amhlaidh sin, agus ní mar sin atá sé i mo thaithí féin."

Aontaímse go huile is go hiomlán. Agus muid ag scríobh do leanaí, ní gá dúinn ach meas a léiriú ar a n-aibíocht, a staid forbartha a aithint, agus ansin an taithí is fearr atáimid in ann a chruthú a thabhairt dóibh. Thuig De la Mare go hiomlán cumhacht an tromluí, agus bhain sé tairbhe as a thaithí mar fhile ar shamhlaíocht leanaí, chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar arrachtaí na hoíche agus síocháin a dhéanamh leo. Ach oiread liom féin, bhraith mé go raibh eolas pearsanta aige ar dhomhan sin an tromluí. Tochailt dhomhain i sceimhealta na hóige atá i mo scéalta, a bhraith mise mar thréimhse easpa cumhachta, an t-aon chúiteamh ná gníomhaíochtaí leanúnacha de chruthaitheacht shamhlaíoch, trí bheith ag pleidhcíocht agus ag brionglóideach [caitheamh aimsire nach bhfuil an t-aitheantas ceart aige].

De réir mar a léigh mé an leabhar, tarraingíodh m'aird níos mó agus níos mó ar an íomhá d'aisteoirí mar ainmhithe a bhfuil tréithe daonna acu. Ba é De la Mare, ag scríobh faoi shíscéalta traidisiúnta, a thug an smaoineamh dom Louis a bheith mar shionnach:

"...níl aon amhras faoin méid a cheap agus a bhraith scéalaithe na seanscéalta seo fúthu. Na hainmhithe iontu, na héin, na beacha agus na seangáin fiú, gach ceann a macasamhail féin, iompraíonn siad féin mar a bheadh daoine ann dá mbeidís ina gcráiceann siúd. Tugtar intleacht an *duine* dóibh ar fad go pointe – a chiall, críonnacht, misneach agus fiontar, a chroí agus mothúcháin, nó a amaidí, saint, gliceas agus cealg."

Bhí mé ag iarraidh dráma a scríobh a léirigh meon gruama, éiginnte an leabhair seo, [a foilsíodh díreach roimh thús an Dara Cogadh Domhanda], feicthe trí chailéideascóp Henny Penny agus cruachás s'aici: cén chaoi a mbíonn a fhios againn an bhfuil carachtar maith nó olc? Agus cén chaoi ar féidir linn na débhríonna a chuireann faoi dhraíocht muid mar lucht féachana a thabhairt isteach – gur féidir le roinnt carachtar a bheith go maith agus go holc araon, agus nach mbíonn an bua ag an maitheas i gcónaí?

Bhí a fhios agam ón tús nach do leanaí an-óg a bheadh an dráma seo. Tá staid forbartha ann a shroicheann leanaí, faoin am a bhíonn siad naoi mbliana d’aois de ghnáth, agus tuigeann siad an difríocht idir fantaisíocht amharclannaíochta agus ficsean i mbealach nach féidir le leanbh sé bliana d’aois, abair, a thuiscint. Aois dhraíochta is ea naoi mbliana d’aois freisin nuair a cheistíonn leanaí an mhaith agus an t-olc mar a bhraitheann siad iad ina saol féin, ó bheith ag breathnú ar fhíorchogadh ar an teilifís go dtí na 'bréaga beaga gan díobháil' sin a spreagann a dtuismitheoirí, b'fhéidir: 'Abair le Mamó gur thaitin an gúna sin go mór leat'.

Mar sin, d'éist mé le leanaí naoi mbliana d’aois nó níos sine, a d’fhéadfadh a rá liom céard a cheap siad faoi shíscéalta, agus scéal Chicken Licken go háirithe, scéal nach bhfuil an chuid is mó de leanaí eolach air sa lá atá inniu ann. Ag breathnú ar leagan Ladybird, ar leabhar pictiúr é dírithe ar leanaí réamhscoile, feicim go bhféadfadh an scéal seo geit a bhaint as leanbh an-óg. Chuimhnigh mo leanaí fásta féin ar an scéal seo mar scéal gránna, mar itheann Foxy Loxy agus a theaghlach na carachtair ar fad a bhfuil cion againn orthu. Neartaigh sé seo mo mhothúchán láidir nach mbeadh dráma a bhfuil an foréigean agus an bás ina chroílár oiriúnach do leanaí faoi bhun naoi mbliana d’aois. Mar bheadh na gnéithe sin riachtanach do chumhacht mo phíosa.

Chuir mé ceist ar na leanaí seo freisin an mbeadh spéis acu i ndráma faoin gCéad Chogadh Domhanda. Freagra dearfach d’aon ghuth a bhí ann.

Tá dúspéis leanúnach ag daoine fásta chomh maith le leanaí sa dá chogadh domhanda san fhichiú haois, mar a fuair mé amach agus mé ag déanamh taighde do dhráma roimhe sin do Team Theatre. Thóg 'BURNING DREAMS' an lucht féachana go tionóntáin agus dugaí Bhaile Átha Cliath sna 1940idí, áit a raibh an ceathrar príomhcharachtar ag streachailt ó lá go lá de dheasca thionchar uafásach na bochtaineachta agus an éadóchais.

Cé nach múintear stair ról na hÉireann sa Chogadh Mór i scoileanna, liostáil breis agus caoga míle Éireannach in Arm na Breataine chun troid ar an bhFronta Thiar. Bronnadh an chéad Victoria Cross [an gradam míleata is airde don chrógacht] sa Chogadh Mór ar Éireannach tar éis a bháis – An Maor Maurice Dease as Contae na hIarmhí, i mí Lúnasa 1914, níos lú ná trí seachtaine tar éis thús na cogaíochta.

Liostáil mo sheanathair féin, Edward Thornton Kay, i gceann de na reisimintí 'Pals', The South Lancshires, agus is dócha gur gortaíodh é ag Messines Ridge in 1917, an lá ar ar pléascadh mianaigh na gComhghuaillithe. Ba é seo an inspioráid don scéal cúlra ag duine de na carachtair i mo dhráma, chomh maith leis an gcomrádaíocht agus an creideamh nach mbeadh an saol sna trinsí chomh dona sin dá mbeadh aghaidheanna cairdiúla ón mbaile ann. Déantar grinnsaidéar i mo dhráma freisin ar an smaoineamh seo go ngníomhaíonn cairde le chéile agus go gcabhraíonn siad lena chéile i gcónaí.

Tá súil agam go bhfuil carachtair cruthaithe agam a bhfuil solas agus scáth iontu, daoine a bhfuil tréithe gránna acu agus a bhfuil teacht aniar iontu, ina mbealaí éagsúla; tá foghlamtha acu bréag a insint, a bheith ag caimiléireacht agus ag goid, agus sult a bhaint as an bhfeoil agus as an ól sa saol nuair a thagann sé chomh fada leo, gan ceist a chur.

Na cuimhní pianmhara a dhéanaimid iarracht a chlúdach le gáire agus dalladh, náire an tréigin, ciontacht na marthana nuair a fuair cairde bás ar ár son – tugann siad seo ar fad fo-théacs míshuaimhneach don scéal dorcha, greannmhar, aisteach seo, i suíomh bialainne a bhfuil dáimh againn ar fad leis. Mar cén duine nach maith leis bia maith a ithe, agus sult a bhaint as an gceol agus as scéalta grinn, agus pléisiúr á bhaint againn as ár mianta nádúrtha? Nach cuma faoin anás

agus ainnise ar na sráideanna lasmuigh?

Is compántas é Theatre Lovett a mbíonn sé de dhánacht ann an fhírinne a insint dá chuid lucht féachana óg faoin domhan atá cruthaithe ag daoine fásta. Ní bhíonn an fhírinne sin i gcónaí éasca, glacann siad leis sin. Mar sin, chuir mé tús lenár ndrámá a scríobh, cead mo chinn agam agus cinsireacht ar bith. Seo é a dhéanann pléisiúr de chúram an drámadóra – cead ár gcinn á thabhairt dúinn, bíonn ár samhlaíocht scaoilte. Le linn shamhradh 2013, thosaigh mé ag scríobh; faoin am a shroicheamar an cleachtadh, bhí an seachtú dréacht ann.

Ní raibh mé in ann a bheith i láthair ag na cleachtaí, ach ó am go chéile, d’fhaighinn teachtaireacht ón láthair chatha: An raibh sé ródhórcha? An mbeadh an lucht féachana ar a bhfuil sé dírithe in ann é a thuiscint? An raibh níos mó eolas fíriciúil ag teastáil ag tús an tseó? Mo fhreagra i gcónaí ná – taispeáin do na leanaí é agus lig dóibhsean breithiúnas a dhéanamh air. Cheap mé i gcónaí má scríobhann tú an drámá is fearr agus is féidir leat, go macánta, le haitheantas agus ómós, go dtuigfidh do lucht féachana óg é.

Léirigh siad an drámá do réamh-lucht féachana neamhfhoirmeálta cúpla lá sular cuireadh ar an ardán é den chéad uair agus bhí faoiseamh orthu gur tuigeadh gach nuance, gach íoróin.

Bhí sé de phléisiúr agam ansin breathnú ar na léirithe ar feadh seachtaine, agus chaith mé leath de mo chuid ama ag breathnú ar an lucht féachana agus mé slán i mbalcóin an 'Ark'. Chonaic mé nuair a bhí siad ag gáire nó nuair a bhí náire orthu. Ar thuig siad cé hí Henny Penny go róluath? Chroch mé thart go discrídeach agus iad ag teacht amach as an amharclann chun an plé a chloisteáil. Chuir freagairt an lucht féachana leis an mbraistint a bhí agam go raibh an spriocaois díreach ceart. Bhí mé go mór ag iarraidh ceisteanna a chur orthu freisin – ar imigh siad leo ag brath míshuaimhneach faoi cérbh é drochdhuine an phíosá? An raibh a fhios acu cén deireadh a bheadh leis roimh ré? Má deirim a thuilleadh, loitfinn cuid den phlota... ach, mar a scríobh mé i mblag ar líne na Féile Amharclannaíochta:

Cén bhaint atá ag an gCogadh ársa seo, a tharla céad bliain ó shin, linne? Ag an am dúradh nach mbeadh a leithéid de chogadh arís ann ('The War to End all Wars.'). Ach fiche bliain ina dhiaidh sin, bhí Cogadh Domhanda eile ann, agus ansin bhris coinbhleachtaí nimhneacha eile amach inar maraíodh na mílte daoine neamhchiontacha agus atá fós ar siúl inniu, sa tSiria, Éimin, an Iaráic agus an Afganastáin. Tá an cogadh mar chuid dár saol, sa drámá seo, déanaimid iarracht a thaispeáint conas a d'fhéadfadh an chogáíocht a bheith san fhuil againn, á dhéanamh beagnach dodhéanta na smaointe atá againn maidir le 'naimhde' agus 'cathanna' a chaitheamh uainn. Ach tá taithí ár gcarachtar ar an mbás, an brón agus an cur amú cúitithe go sona ag greann dochloíte, cumas ceoil gan sárú agus ardghiúmar Theatre Lovett, a chuimsíonn, domsa, na gnéithe is geanúla de phearsantacht linbh, ag glacadh leis an tragóid agus leis an ngreann in aon lá amháin, agus i gcónaí, tá súil agam, ag cur deireadh dearfach leis an lá.

Is drámadóir agus úrscéalaí í Frances Kay a bhraiteann go bhfuil Éire ina háit spreagúil le bheith ina cónaí agus le bheith ag obair. Ó bhí 1990 ann, tá drámaí do leanaí scríofa aici do The Ark, Team Theatre Company, 'The Morbegg' ar RTE, 'You and Me' ar theilifís BBC, Nutmeg Puppet Company [An Ríocht Aontaithe], The Bare Hands Project [Corcaigh] agus Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí, i measc dreamanna eile.

In 2009 bhí sí ina stiúrthóir ar léiriú dá drámá do dhéagóirí faoin bhféinmharú, 'Last Call', atá lonnaithe i gCiarraí, do lucht féachana de scoláirí i gcomhléiriú le Siamsa Tíre, Trá Lí.

Léiríodh a céad drámá do Theatre Lovett, 'A Man in Half' ag The Helix, Baile Átha Cliath, in 2007.

Bhain a húrscéal do dhaoine fásta, 'Micka' a d'fhoilsigh Picador in 2010, an dara háit amach sa McKitterick Prize in 2011, duais a bhronnann Cumann na nÚdar (The Society of Authors) [An Ríocht Aontaithe], agus pléadh é ar chlár BBC Radio 4 'A Good Read'.

D'fhoilsigh Tenebris Books a húrscéal do dhaoine fásta, 'Dollywagglers', in 2014. Scríobhann sí úrscéalta grá chomh maith faoin ainm Pan Zador. In 2012 bhí uirthi dul ar deoraíocht go drogallach ó Iarthar Chorcaí de dheasca fadhbanna sláinte dáiríre, agus anois caitheann sí an chuid is mó den bhliain in Powys na Breataine Bige. franceskaywriter.wordpress.com an blog atá aici



Aiste arna Coimisiúnú ag Tairseach na nEalaíon san
Oideachas, 2018

